CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

70
1952 - 2022

## PREASEISIÚINT Uimh. 18/23

**Lucsamburg, 26 Eanáir 2023**

Éisteacht fhoirmiúil na Cúirte Breithiúnais

# Gealltanas sollúnta de seisear comhaltaí nua de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

I gcomhréir leis na Conarthaí agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, cheap Comhairle an Aontais Eorpaigh, trí chinntí an 3 Márta, an 16 Meitheamh, an 26 Iúil, an 14 Samhain agus an 13 Nollaig 2022, comhaltaí de Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Jorg Kristijan Petrovič don tréimhse ón 7 Bealtaine 2022 go dtí an 6 Bealtaine 2028, Stef Blok don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Nollaig 2025, George Marius Hyzler don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2028, Lefteris Christoforou don tréimhse ón 2 Samhain 2022 go dtí an 1 Samhain 2028, Laima Liucija Andrikienė don tréimhse ón 16 Samhain 2022 go dtí an 15 Samhain 2028 agus Keit Pentus-Rosimannus don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2028.

Thionóil Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh éisteacht fhoirmiúil inniu, ar 12.00, inar thug Jorg Kristijan Petrovič, Stef Blok, George Marius Hyzler, Lefteris Christoforou, Laima Liucija Andrikienė agus Keit Pentus-Rosimannus an gealltanas sollúnta dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Is féidir íomhánna den éisteacht fhoirmiúil a fháil ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Bígí nasctha!**